Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15489/23**

**SOC 784**
**EMPL 561**
**EDUC 443**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) do Lucsamburg<br>– Glacadh |

1. Le Cinneadh uaithi an 28 Márta 2023, cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)[1]. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

2. Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75[2] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 15).
[2] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.

3. Tá ainmniúcháin faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle le haghaidh comhalta agus comhalta malartach do Lucsamburg, den Choiste Chomhairleach athnuaite, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 15488/23[3] é.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach de Bhord Bainistíochta Cedefop do Lucsamburg, mar a leagtar amach in 15488/23 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   b) a chinneadh go bhfoilseofar an cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na dlítheangeolaithe.